C/2025/6530

4.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12195 — ARCMONT / HPS / DAINESE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6530)

1. An 25 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Arcmont Asset Management Limited ('Arcmont', an Ríocht Aontaithe) faoi rialú deiridh Teachers Insurance and Annuity Association of America's (Stáit Aontaithe Mheiriceá)

— HPS Investment Partners, LLC ('HPS', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú deiridh BlackRock, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá)

— Dainese S.p.A ('Dainese', an Iodáil) faoi rialú Carlyle Group Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Gheobhaidh Arcmont agus HPS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dainese ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht bainistíochta sócmhainní fiachais phríobháidigh Eorpach é Arcmont, a rialaíonn *inter alia* Schuberth GmbH, atá gníomhach i monarú agus i soláthar clogad gluaisrothair.

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é HPS a dhíríonn ar chreidmheas malartach.

— Is cuideachta Iodálach é Dainese a dhearann agus a mhonaraíonn éadaí agus trealamh cosanta le haghaidh spóirt dhinimiciúla, amhail gluaisrothaíocht, rothaíocht agus sciáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12195 — ARCMONT / HPS / DAINESE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË